AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
EEE/111/2020
[…](2020) XXX draft

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse

(Líne Bhuiséid 02.03.01 an Margadh Inmheánach agus líne Bhuiséid 02.03.04 Uirlisí Rialachais an Mhargaidh Inmheánaigh)

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

Uimh. […]

de […]

lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chonradh ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus a bhaineann le hoibriú agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh d'earraí agus do sheirbhísí, agus le huirlisí rialachais an mhargaidh inmheánaigh.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú ionas go mbeifear in ann an comhar leathnaithe sin a chur ar siúl ó 1 Eanáir 2020,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I míreanna 12 agus 14 d'Airteagal 7 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail "2019 agus 2020" in ionad na bhfocal "agus 2019".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

* [Ní shonraítear aon cheanglais bhunreachtúla.]

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán

Rúnaithe
Chomhchoiste LEE